# **An Bradán Feasa: Sóisir**

Fadó, fadó mhair laoch mór le rá darbh ainm Fionn Mac Cumhaill.
Nuair a bhí sé óg, d'imigh sé chun cónaí le Finnéagas.
B'é Finnéagas an fear ba chríonna in Éirinn.

Ba bhreá le Fionn éisteacht le scéalta an tseanfhir.
Chabhraigh sé le Finnéagas le hobair an tí.
Bhí sé an-fhiosrach go deo agus chuir sé an t-uafás ceisteanna ar Fhinnéagas.
Ach ní raibh sé in ann gach uile cheist a bhí ag Fionn a fhreagairt.

'An féidir gach ní a bheith ar eolas agat riamh?' a d'fhiafraigh Fionn d' Fhinnéagas.
'Cinnte, a Fhinn,' a d'fhreagair sé.
'Tá bradán draíochta san abhainn seo. An Bradán Feasa a thugtar air.
An té a bheireann air agus a itheann é, beidh gach ní ar eolas aige.'

Cúpla lá i ndiaidh sin, rug Finnéagas ar an mBradán Feasa.
'Rug mé air! Rug mé air!' a scread sé.
Rith sé leis chun Fionn a fháil agus an Bradán Feasa ina lámha aige.

Dúirt Finneagas le Fionn an bradán a chócaráil dó ach gan aon bhlúirín de a ithe.
Thug Fionn faoin mbradán a chócaráil fad is a bhí Finnéagas imithe chun adhmad a fháil don tine.
Nuair a d'fhill sé, thug sé faoi deara go raibh cuma dhifriúil ar Fhionn.

'Ar ith tú aon bhlúirín den bhradán?',  a d'fhiafraigh Finnéagas d'Fhionn.
'Níor ith',  a dúirt Fionn. 'Ach nuair a bhí an bradán á chócaráil agam, dhóigh mé m'ordóg ar an gcraiceann agus chuir mé  i mo bhéal í chun an phian a laghdú.'
Bhí an-bhrón ar Fhinnéagas an scéal seo a chloisteáil mar ba é Fionn an chéad duine a bhlais an Bradán Feasa.

D'ith Fionn an bradán ar fad ach níor airigh sé difriúil.
Ansin dúirt Finnéagas leis a ordóg a chur ina bhéal.
Nuair a bhí sé sin déanta aige, líon eolas iomláine an domhain a cheann.

'Ní féidir liom níos mó a mhúineadh duit mar tá gach rud ar eolas agat,' a dúirt Finnéagas le Fionn.
'Beidh tú i d'fhile, i do laoch agus i do cheannaire mór le rá amach anseo'.
Nuair a d'fhás Fionn aníos bhí sé mar cheannaire ar na Fianna, an bhuíon ghaiscíoch ab fhearr a bhí in Éirinn.